

1. Cé mhéad atá air? How much does it cost?
Tá dhá euro air. It costs two euros.
Tá dhá cent air. It costs two cents.
Tá dhá phunt air. It costs two pounds.
Tá dhá phingin air. It costs two pennies.
Tá dhá dhollar air. It costs two dollars.

2. Cén praghas atá ar an mbia? What price is the food?
Cé mhéad atá ar an mbia? How much is the food?
Tá cúig euro air. It's five euros.

Cé mhéad a chosnaíonn an bia? How much does the food cost?
Cosnaíonn sé ceithre euro. It costs four euros.

3. Cé mhéad atá ar an tseacláid? How much is the chocolate?
Tá dhá euro uirthi. It's two euros.

Cé mhéad atá ar na brioscaí? How much are the cookies?
Tá ceithre euro orthu. They're four euros.

4.

						
€1.00	€4.00	€10.00	€7.00	€3.00	€5.00	€2.00
oinniún	brioscaí	caipín	iasc	im	liamhás	prátaí
ar an oinniún	ar na brioscaí	ar an gcaipín	ar an iasc	ar an im	ar an liamhás	ar na prátaí
						
€3.00	€4.00	€1.00	€9.00	€3.00	€8.00	€2.00
seacláid	tae	úll	torthaí	piorra	milseáin	peann
ar an tseacláid	ar an tae	ar an úll	ar na torthaí	ar an bpiorra	ar na milseáin	ar an bpeann

5. Ar cheannaigh tú úll inniu? Did you buy an apple today?

Cé mhéad a bhí air? How much was it?
Bhí seacht ndollar air. It was seven dollars.

Cé mhéad a chaith tú air? How much did you spend on it?
Chaith mé trí dhollar air. I spent three dollars on it.

Cé mhéad a chosain sé? How much did it cost?
Chosain sé dhá dhollar. It costed two dollars.

Comhrá le Liam Ó Maonlaí

1. Go mbeannaí Dia daoibh agus tá fáilte romhaibh go clár na seachtaine seo.
2. 'Sé an t-amhránaí cáiliúil Liam Ó Maonlaí a bheas ag comhrá liom ar an gclár seo anocht.
3. In Átha Cliath a rugadh agus a tógadh é.
4. Is ann a chuaigh sé ag an scoil agus ag coláiste.
5. Agus tá sé ag plé le ceol agus le hamhráin ó bhí sé ina leaidín beag.
6. Agus ar ndóigh leis na *Hothouse Flowers* ó thosaigh sé i naoi déag ochtó is a cúig (1985).
7. Céad míle fáilte romhat.
8. Míle fáilte. Go raibh maith agat.
9. An raibh an síol sin curtha don *flower* sin roimh ochtó a cúig ('85) nó an raibh sé fásta ...
10. Á, do bhí. Bhí mise ar scoil le Fiachna. Fiachna Ó Braonáin.
11. Agus. Bhí sé siúd in aon rang le mo dheartháir Colm.
12. Agus bhí feadóg stáin aige. Agus bhí feadóg stáin agamsa.
13. Agus bhí Pádraig Ó Méalóid tar éis an méirínteacht a chur orm, conas an rud a sheinnt.
14. Agus, so, bhí an fheadóg ag an mbeirt againn.
15. So, bhí aithne againn ar a chéile ó bhí mé naoi mbliana d'aois nó mar sin.
16. Bhí ceol agam féin ó m'athair is mo mháthair.

Ceisteanna

1. Cé atá faoi agallamh sa chlár seo?
2. Cár rugadh é?
3. Cad leis a bhfuil sé ag plé?
4. Cad is ainm dá bhanna ceoil?
5. Cathain a thosaigh an banna ceoil?
6. Cén uirlis cheoil a d'fhoghlaim sé?
7. An raibh ceol sa bhaile aige agus é óg?
8. Ar chuala tú na *Hothouse Flowers* riamh?

Conversation with Liam Ó Maonlaí

- God bless you and welcome to this week's program.
- It's the famous singer Liam Ó Maonlaí who will be speaking with me on this show tonight.
- He was born and raised in Dublin.
- He went to school and college there.
- And he has been working with music and songs since he was a little boy.
- And of course with the *Hothouse Flowers* since it began in nineteen eighty five.
- A hearty welcome to you.
- You're welcome. Thank you.
- Was the seed planted for that *flower* before eighty five, or had it grown ...
- Oh, it was. I was at school with Fiachna. Fiachna Ó Braonáin.
- And. Hi was in the same class as my brother Colm.
- And he had a tin whistle. And I had a tin whistle.
- And Pádraig Ó Méalóid had just taught me the fingering, how to play the thing.
- And, so, the two of us had a whistle.
- So, we knew each other since I was nine years old, or so.
- I myself had music from my father and my mother.

Questions

- Who is being interviewed in this program?
- Where was he born?
- What does he deal with?
- What's the name of his band?
- When did the band start?
- Which instrument did he learn?
- Did he have music at home when he was young?
- Did you ever hear the *Hothouse Flowers*?

Scéalta Slítheánta - An Fhírinne Ghlan
Brenda Parks agus Janet Stott-Thornton

1. Ar maidin, d'ordaigh sé do na príosúnaigh dul go dtí an chearnóg.
2. Tháinig go leor daoine le hamharc.
3. Bhí siad ag iarraidh a fheiceáil cad é mar a bheadh sé ábalta an gadaí a aimsiú.
4. D'éist siad go ciúin leis an bhreitheamh.
5. "Tá cumhachtaí speisialta ag an ghang seo," ar sé, go mall.
6. "Is féidir le daoine nach bhfuil ciontach lámh a chur air gan fuaim teacht as, ach má chuireann gadaí a oiread agus méar air déanfaidh sé tormán millteanach mór."
8. Labhair na daoine go híseal.
9. Bhí na príosúnaigh iontach neirbhíseach.
10. Lean an breitheamh air.
11. "Nuair a ordaím é, ar bhur seal, gabhaigí chun tosaigh agus cuirigí bhur lámh faoin chlúdach agus cuirigí bhur lámh ar an ghang."
12. Ansin, de réir mar a dhírigh an breitheamh a mhéar ar gach príosúnach, chuaigh siad chun tosaigh agus chuir siad a lámh faoin chlúdach.
13. Ní dhearna an gang fuaim ar bith.
14. Sa deireadh, tháinig an príosúnach deireanach chun tosaigh agus ní raibh focal as duine ar bith agus iad ag fanacht leis an ghang fuaim a dhéanamh.
15. Seo an gadaí, a shíl siad.
16. Ach nuair a chuir an príosúnach deireanach a lámh faoin chlúdach, ní dhearna an gang fuaim ar bith.
17. Níor thuig na daoine cad é a bhí ag tarlú.
18. An ndearna an breitheamh críonna meancóg?
19. Bhí na príosúnaigh trína chéile, chom maith.

Ceisteanna

1. Cá ndeachaigh na príosúnaigh ar maidin?
2. Cé eile a tháinig?
3. Cén chumhacht a bhí ag an ngang?
4. Cad a rinne na príosúnaigh?
5. Cad a rinne an gang?

The Shady Deal - The Whole Truth
Brenda Parks and Janet Stott-Thornton

In the morning, he commanded the prisoners to go to the square.
A lot of people came to watch.
They were trying to see how he would be able to find the thief.
They listened quietly to the judge.
"This gong has special powers," he said slowly.
"People who are not guilty can put their hand on it without a noise coming out of it, but if a thief puts as much as a finger on it, it will make a terribly big noise.
The people spoke quietly.
The prisoners were very nervous.
The judge continued on.
"When I command it, on your turns, go forward and put your hands under the cover and put your hands on the gong."

Then, as the judge pointed his finger at each prisoner, they went ahead and they put their hands under the cover.

The gong didn't make a sound at all.
In the end, the last prisoner came forward and nobody said a word and they were waiting for the gong to make a noise.

This is the thief, they thought.
But when the last prisoner put his hand under the cover, the gong didn't make any sound.

The people didn't understand what was happening.
Did the wise judge make a mistake?

The prisoners were confused as well.

Questions

Where did the prisoners go in the morning?
Who else came?
What power did the gong have?
What did the prisoners do?
What did the gong do?